Snámhaithe Cróga

Meánleibhéal 2 (B2)

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi bheirt fhear atá ag snámh do charthanachtaí éagsúla. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile.

1. Cad atá ar eolas agat faoi na carthanachtaí seo a leanas?



2. Tá fonn ort airgead a bhailiú do charthanacht éigin. Cén charthanacht a roghnófá agus cad chuige an ceann sin?
3. Cad a dhéanfá chun an t-airgead a bhailiú? An snámhfá timpeall na hÉireann, mar shampla?
4. Cad iad na tréithe pearsantachta a bheadh ag teastáil ó dhuine chun snámh timpeall na tíre nó ó bhun go barr na Sionainne, dar leat?

B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

a) *attracting the crowds*	
b) *achievements*	
c) *destination*	
d) *mental health challenges*	
e) *strokes*	
f) *a reason to be proud*	
g) *sea voyage*	
h) *a little danger*	
i) *kindness*	
j) *determination*	

2. Féach ar an mír den chéad uair agus aimsigh na focail thuas inti. An raibh na focail chéanna agat féin? _____

3. Cad í malairt bhrí na bhfocal thíos?

1. isteach	a. amach
2. thiar	b.
3. ó dheas	c.
4. uachtar	d.
5. ag barr	e.

4. Cén Ghaeilge atá ar na frásaí seo?

1. *I reached Galway at 6pm.*	
2. *I achieved my goal.*	
3. *I highlighted / drew attention to the problem.*	

C: TUISCINT

1. Bí ag obair leis an duine in aice leat. Freagraígí na ceisteanna thíos le chéile: Cén fáth ar luadh na figiúirí seo thíos sa mhír?
• 220:
• 1,000:
• 30:
2. Cén fáth ar luadh na háiteanna thíos sa mhír?
• Cruachán:
• Dún na nGall:
3. Cad iad na carthanachtaí a roghnaigh na fir thíos agus cad a rinne / a dhéanann siad chun airgead a bhailiú do na carthanachtaí sin?
• Paul Little:
• Daragh Morgan:
4. Cad a bhí le rá ag na daoine seo a leanas sa mhír?
• Dáire Ó Maonaigh:
• Dara Bailey:

D: FEASACHT TEANGA

1: Saibhreas teanga (Contaetha na hÉireann)

a) Cén seoladh atá agat féin? Scríobh amach anois é:

_____

b) Cad iad na contaetha a bhfuil teorainn acu le do chontae féin?

_____

c) Cad iad na contaetha in Éirinn (Tuaisceart Éireann san áireamh) atá ar an gcósta?

1. Contae Dhún na nGall	2.	3.	4.
5.	6.	7.	8.
9.	10.	11.	12.
13.	14.	15.	16.
17.	18.		

d) Cad iad na contaetha in Éirinn (Tuaisceart Éireann san áireamh) **nach bhfuil** ar an gcósta?

1. Contae an Chabháin	2.	3.	4.
5.	6.	7.	8.
9.	10.	11.	12.
13.	14.		

2: Cruinneas gramadaí (an séimhiú)

Tá ocht séimhiú fágtha ar lár sa sliocht thíos – líon isteach anois iad.

Breis agus 220 míle fad atá in Abhainn na Sionainne, ó éiríonn sí i gContae an Cabháin go dtéann sí i bhfarraige amach ó Cathair Luimnigh. Is maith an té a shnámhfadh í agus is é sin a bhí á dhéanamh le seachtain ag feirmeoir óg ón gCruachán, i gContae Ros Comáin, Paul Little. Bain sé ceann scríbe amach luath tráthnóna inniu. Don carthanacht *North West Stop* a dhéanann cúram de daoine le fadhbanna agus dúshláin mheabhairshláinte, a chuaigh Paul Little isteach san uisce, agus thosaigh ar na buillí lámh agus cos, seachtain agus an lá inniu ag barr uachtar na habhann. D'fhág sé slán le Baile Dhamhshraith sa Cabhán agus lean cúrsa na habhann ó deas – breis is 30 míle á snámh aige in aghaidh an lae: ábhar bróid dá cairde agus dá dhaoine muinteartha.

E: CUMARSÁID

1: Caint – Bainistíocht faoi bhrú!

Bígí ag obair i ngrúpaí. Samhlaígí go bhfuil sibh ag obair ar an gcoiste d'fheachtas Daragh Morgan. Buaileann cúpla géarchéim sibh, a chuireann an feachtas i mbaol.

Fadhbanna:

- ní mhaolaíonn an drochaimsir i gcúpla contae áirithe
- gortaíonn Daragh é féin

Tasc 1

Tá na síntiúis ag dul i léig! Cad a dhéanfaidh sibh? Luaigh dhá chúis le gach ceann de na roghanna thíos.

- ✓ an feachtas a chur ar ceal?
- ✓ an feachtas a chur siar?
- ✓ tuilleadh báid tionlacain a fháil?
- ✓ anam a chur san fheachtas arís?

Tasc 2

Tá cinneadh déanta agaibh anam a chur san fheachtas. Caithfidh sibh anois:

- ✓ feachtas nua a thosú ar na meáin shóisialta
- ✓ imeachtaí a eagrú chun airgead a bhailiú

2: Scríobh

Lig ort féin go bhfuil tú ag obair ar an gcoiste áitiúil atá freagrach as poiblíocht a fháil don fheachtas sa cheantar. Scríobh postáil do na meáin shóisialta ag déanamh cur síos ar an ócáid a bheidh ann nuair a bhainfidh Daragh an ceantar sin amach. Luaigh na pointí seo a leanas:

- ✓ an aidhm atá leis an bhfeachtas
- ✓ turas Daragh go dtí seo
- ✓ an plean don ócáid áitiúil

AN SCRIPT

Siún Nic Gearailt
Bhuel, is cinnte gur aimsir í seo atá ag mealladh na sluaite isteach sa bhfarraige[1] agus go huiscí ar fud na tíre. Ach tá beirt go háirithe ag baint a ngaiscí féin amach san uisce ar mhaithe le carthanachtaí éagsúla – fear amháin acu sin ó Chontae Ros Comáin agus an tarna[2] fear, Baile Átha Cliathach, atá leath slí timpeall ar chósta na hÉireann faoi láthair.

Séamus Ó Scanláin
Breis agus 220 míle fad atá in Abhainn na Sionainne, ó éiríonn sí i gContae an Chabháin go dtéann sí i bhfarraige amach ó Chathair Luimnigh. Is maith an té a shnámhfadh í agus is é sin a bhí á dhéanamh le seachtain ag feirmeoir óg ón gCruachán, i gContae Ros Comáin, Paul Little. Bhain sé ceann scríbe amach luath tráthnóna inniu. Don charthanacht *North West Stop*, a dhéanann cúram de dhaoine le fadhbanna agus dúshláin mheabhairshláinte, a chuaigh Paul Little isteach san uisce agus a thosaigh ar na buillí lámh agus cos, seachtain agus an lá inniu ag barr uachtair na habhann. D'fhág sé slán le Baile Dhamhshraith[3] sa Chabhán agus lean cúrsa na habhann ó dheas – breis is 30 míle á snámh aige in aghaidh an lae: ábhar bróid dá chairde agus dá dhaoine muinteartha.

Dáire Ó Maonaigh, Nia le Paul Little
Táim fíorbhródúil as Paul, chun é seo a dhéanamh, chun a bheith ag snámh lá i ndiaidh lae, gan stopadh agus an deacracht a bhí aige chun … ar a chorp agus a intinn … chun a choimeád ag snámh…is rud iontach é seo chun a bheith déanta aige.

Séamus Ó Scanláin Baile Átha Cliathach
Amuigh sa sáile i mbun carthanachta le trí mhí anois, tá fear eile – Daragh Morgan, Baile Átha Cliathach ó dhúchas. D'fhág seisean Cuan na Gaillimhe i mí na Bealtaine agus é mar aidhm aige cósta na hÉireann a thimpeallú – aistear farraige thart ar mhíle míle. Is ar mhaithe le Pobal Shíomóin[4] agus an RNLI atá seisean san uisce, chomh maith le haird an phobail a tharraingt ar fharraigí agus dúlra. Tá sé leath bealaigh síos cósta thoir na hÉireann faoi láthair.

Dara Bailey, Scipéir an Bháid Tionlacain
Tá chuile[5] shórt ar an bhfarraige. Tá beagán contúirte ann ach ar an taobh eile, tá sé in ann a bheith an-deas – tá radharcanna thar barr timpeall an chósta seo againne. Na deacrachtaí is mó atá ann ná an aimsir, cúpla lá as a chéile. Níl muid baileach chomh dona ar an gcósta thoir ach bhí an cósta thiar suas go Dún na nGall, bhí muid ag cuimhneamh ar dhrochaimsir go minic ann.

Séamus Ó Scanláin
Cineáltas, crógacht, diongbháilteacht agus ardspéis i ndaoine, is léir na tréithe sin agus tuilleadh i Paul agus i Daragh, a thugann a gcuid ama agus fuinnimh go croíúil.

Séamus Ó Scanláin, Nuacht TG4.

[1] Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear urú seachas séimhiú ar fhocail dar tús 'f' tar éis 'sa'.
[2] tarna = leagan canúnach de 'dara'
[3] 'An Damhshraith' an teideal oifigiúil
[4] 'Clann Shíomóin' an teideal oifigiúil
[5] chuile = leagan canúnach de 'gach uile'

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair tamall do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna ar dtús sula bpléifidh tusa na ceisteanna leis an rang iomlán.

B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

attracting the crowds	*ag mealladh na sluaite*
achievements	*gaiscí*
destination	*ceann scríbe*
mental health challenges	*dúshláin mheabhairshláinte*
strokes	*buillí*
a reason to be proud	*ábhar bróid*
sea voyage	*aistear farraige*
a little danger	*beagán contúirte*
kindness	*cineáltas*
determination	*diongbháilteacht*

2. Déan plé ar na focail a bhí acu féin. B'fhéidir go raibh leagan eile acu de na focail.
3. Féach:

1. isteach	a. amach
2. thiar	b. thoir
3. ó dheas	c. ó thuaidh
4. uachtar	d. íochtar
5. ag barr	e. ag bun

4. Féach:

1. *I reached Galway at 6pm.*	Bhain mé Gaillimh amach ag a sé a chlog.
2. *I achieved my goal.*	Bhain mé m'aidhm amach.
3. *I highlighted / drew attention to the problem.*	Tharraing mé aird ar an bhfadhb.

C: TUISCINT

Féach ar an script.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (Contaetha na hÉireann)

Abair leo na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na freagraí leis an rang iomlán ansin tar éis tamaill.

Tá léarscáil d'Éirinn ar fáil ag deireadh na nótaí seo.

2: Cruinneas gramadaí (an séimhiú)

Freagraí:

Breis agus 220 míle fad atá in Abhainn na Sionainne, ó éiríonn sí i gContae an C**h**abháin go dtéann sí i bhfarraige amach ó C**h**athair Luimnigh. Is maith an té a shnámhfadh í agus is é sin a bhí á dhéanamh le seachtain ag feirmeoir óg ón gCruachán, i gContae Ros Comáin, Paul Little. B**h**ain sé ceann scríbe amach luath tráthnóna inniu. Don c**h**arthanacht *North West Stop* a dhéanann cúram de d**h**aoine le fadhbanna agus dúshláin mheabhairshláinte, a chuaigh Paul Little isteach san uisce, agus thosaigh ar na buillí lámh agus cos, seachtain agus an lá inniu ag barr uachtar na habhann. D'fhág sé slán le Baile Dhamhshraith sa C**h**abhán agus lean cúrsa na habhann ó d**h**eas – breis is 30 míle á snámh aige in aghaidh an lae: ábhar bróid dá c**h**airde agus dá dhaoine muinteartha.

E. CUMARSÁID

1: Caint

Léigh trí na treoracha leis an rang iomlán le bheith cinnte go dtuigeann siad an méid atá le déanamh acu. Abair leo nár cheart go mbeadh siad ar fad ar aon intinn faoi conas dul i ngleic leis na fadhbanna ar fad. Beidh orthu a dtuairimí a chur trasna go láidir.

2: Scríobh

Iarr orthu postáil ghearr a scríobh faoin ócáid a eagróidh siad do Daragh.

Contaetha na hÉireann

léarscáil: https://gaeilgelecheile.weebly.com/

Cúige Uladh
Dún na nGall / Co. Dhun na nGall
Fear Manach / Co. Fhear Manach
Aontroim / Co. Aontroma
Muineachán / Co. Mhuineacháin
An Dún / Co. an Dúin
Tír Eoghain / Co. Thír Eoghain
An Cabhán / Co. an Chabháin
Ard Mhacha / Co. Ard Mhacha
Doire / Co. Dhoire

Cúige Laighean
An Longfort / Co. an Longfoirt
An Lú / Co. Lú
Baile Átha Cliath / Co. Bh.Á.C.
Ceatharlach / Co. Cheatharlach
Laois / Co. Laoise
An Iarmhí / Co. na hIarmhí
Cill Mhantáin / Co. Chill Mhantáin
Cill Dara / Co. Chill Dara
Cill Chainnigh / Co. Chill Chainnigh
Uíbh Fhailí / Co. Uíbh Fhailí
An Mhí / Contae na Mí
Loch Garman / Co. Loch Garman

Cúige Mumhan
Corcaigh / Co. Chorcaí
Tiobraid Árann / Co. Thiobraid Árann
Ciarraí / Co. Chiarraí
An Clár / Co. an Chláir
Luimneach / Co. Luimnigh
Port Láirge / Co. Phort Láirge

Cúige Chonnacht
Ros Comáin / Co. Ros Comáin
Liatroim / Co. Liatroma
Maigh Eo / Co. Mhaigh Eo
Sligeach / Co. Shligigh
Gaillimh / Co. na Gaillimhe